


An Bord Pleanála



Annual Report 2011

Tuarascáil Bhliantúil 2011



**AN BORD PLEANÁLA**  
**ANNUAL REPORT 2011**

**AN BORD PLEANÁLA**  
**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011**



## CONTENTS

|                                                                         |    |
|-------------------------------------------------------------------------|----|
| Mission Statement                                                       | 6  |
| Members of the Board                                                    | 7  |
| Chairperson's Statement                                                 | 8  |
| All cases                                                               | 19 |
| Normal planning appeals                                                 | 23 |
| Strategic Infrastructure Cases                                          | 29 |
| Other cases                                                             | 33 |
| Human Resources                                                         | 35 |
| Finance                                                                 | 40 |
| Evaluation of 2011 Performance                                          | 45 |
| Legal proceedings                                                       | 49 |
| Customer Service / Complaints                                           | 51 |
| Consultations with other bodies                                         | 52 |
| Energy Efficiency                                                       | 53 |
| Appendix 1 Analysis of Normal Planning Appeals                          | 54 |
| Appendix 2 Analysis of rural housing decisions                          | 55 |
| Appendix 3 Normal planning appeals by area                              | 56 |
| Appendix 4 Normal planning appeals by development category/area         | 57 |
| Appendix 5 Cases disposed of by reference to statutory objective period | 58 |
| Appendix 6 Prompt Payment of Accounts Act                               | 59 |
| Appendix 7 Statement on System of Internal Financial Control            | 61 |
| Appendix 8 Statement on Remuneration and Members' Fees                  | 64 |
| Appendix 9 Financial Statements                                         | 66 |
| Income and Expenditure                                                  |    |
| Balance Sheet                                                           |    |
| Cash Flow Statement                                                     |    |
| Notes to the Financial Statements                                       |    |
| Appendix 10 Report of the Comptroller and Auditor General               | 93 |

## CLÁR

|                                                                                  |    |
|----------------------------------------------------------------------------------|----|
| Ráiteas Misin                                                                    | 6  |
| Comhaltaí an Bhoird                                                              | 7  |
| Ráiteas an Chathaoirligh                                                         | 8  |
| Gachcás                                                                          | 19 |
| Gnáth achomhairc phleanála                                                       | 23 |
| Cásanna Bonneagair Straitéisigh                                                  | 29 |
| Cásanna eile                                                                     | 33 |
| Acmhainní daonna                                                                 | 35 |
| Airgeadas                                                                        | 40 |
| Meastóireacht ar an Fheidhmíocht le linn 2011                                    | 45 |
| Imeachtaí dlíthiúla                                                              | 49 |
| Seirbhísí/Gearáin Custaiméara                                                    | 51 |
| Comhairliú le comhlachtaí eile                                                   | 52 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh                                                          | 53 |
| Aguisín 1 Anailís ar ghnáth achomhairc phleanála                                 | 54 |
| Aguisín 2 Anailís ar chinntí ar thithíocht tuaithe                               | 55 |
| Aguisín 3 Gnáth achomhairc phleanála faighte/le cinneadh déanta de réir ceantair | 56 |
| Aguisín 4 Gnáth achomhairc phleanála de réir catagóire/ceantair forbartha        | 57 |
| Aguisín 5 Cásanna a cuireadh de lámh trí thagairt do sprioc thréimhse reachtúil  | 58 |
| Aguisín 6 An tAcht um Íoc Pras Cuntas                                            | 59 |
| Aguisín 7 Ráiteas ar an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach                   | 61 |
| Aguisín 8 Ráiteas ar Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí                    | 64 |
| Aguisín 9 Ráitis Airgeadais Ioncam agus Caiteachas                               | 66 |
| Clár Comhardaithe Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Nótaí leis na Ráitis Airgeadais |    |
| Aguisín 10 Tuarascáil an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste                         | 93 |

## MISSION STATEMENT

To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.

## RÁITEAS MISIN

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte chun a áirithiú go luífeadh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

## MEMBERS OF THE BOARD

## COMHALTAÍ AN BHOIRD



**1 John O'Connor (Retired June 2011)**  
Chairperson/ Cathaoirleach

**2 Mary Kelly (Appointed August 2011)**  
Chairperson/ Cathaoirleach

**3 Karl Kent**  
Deputy Chairperson/ Leas Chathaoirleach

**4 Conall Boland**

**5 Jane Doyle**

**6 Angela Tunney**

**7 Mary MacMahon**

**8 Brian Swift**

**9 Fionna O'Regan**

## CHAIRPERSON'S STATEMENT

Welcome to the An Bord Pleanála Annual Report and Accounts for 2011. The report provides details of the work of the Board during 2011, along with the Board's financial statements. It is the first Annual Report to be published during my tenure as Chairperson of An Bord Pleanála which commenced on August 29th, 2011. At the outset, I would like to say that I am very happy and indeed very proud, to have been appointed Chairperson of An Bord Pleanála, an organisation that has served its stakeholders with the highest levels of integrity since its establishment in 1977. It is, therefore, a great honour and a huge responsibility for me to hold this post and to lead this organisation for the next seven years. Our stakeholders, government, citizens and the enterprise sector rely on An Bord Pleanála for critical and timely decisions based on the principles of good planning and of sustainable development, and the decisions taken by the Board have the very real potential to have long lasting effects on people's lives and businesses as well as on the environment in which we live. Along with the decisions made at local authority and planning authority levels, Board decisions shape the physical, spatial and infrastructural nature of Ireland, and touch individual people's lives. So I am very conscious of the responsibility vested in me as Chairperson of this organisation.

I am pleased to include my first Chairperson's Statement in the Board's Annual Report for 2011.

### Workload and Performance in 2011

2011 saw a continuation in the downward trend in the intake of cases, particularly planning appeals, from a high of 6,664 in 2007 to 2,110 in 2011, with the result that the total number of cases of all types on hand at year end was reduced to less than 750 compared to

## RAITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Fáilte go Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla an Bhoird Phleanála don bhliain 2011. Gheofar sa tuarascáil sonraí d'obair an Bhoird i gcaitheamh na bliana 2011 mar aon le ráitis airgeadais an Bhoird. Is í seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil a foilsíodh le linn mo théarma oifige mar Chathaoirleach an Bhoird Phleanála, téarma a thosaigh an 29 Lúnasa, 2011. Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom a rá gur cúis mhór sásaimh agus mórtais, go deimhin, dom bheith ceaptha mar Chathaoirleach an Bhoird Phleanála, eagraíocht a thug seirbhís ar na caighdeáin ionracais is airde ó bunaíodh é sa bhliain 1977. Mar sin is mór an onóir agus an fhreagracht domsa a bheith sa phost seo agus i gceannas ar an eagraíocht seo go ceann na gcéad seacht mbliana eile. Braithéann ár ngeallsealbhóirí, an rialtas, saoránaigh agus an earnáil fiontraíochta ar an mBord Pleanála chun cinntí criticiúla tráthúla a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail na dea-phleanála agus na forbartha inbhuanaithe, agus féadann cinntí an Bhoird Phleanála tionchar fadtéarmach a imirt ar shaolta daoine agus ar ghnóthais agus ar an gcomhshaol ina mairimid. Chomh maith leis na cinntí a dhéantar ar leibhéil an údarais áitiúil agus an údarais phleanála, múnlaíonn cinntí an Bhoird an cruth fisiceach agus cruth spásach atá ar Éirinn agus cruth bhonneagar na hÉireann, agus bíonn tionchar ag na cinntí sin ar shaol daoine aonair. Mar sin is eol dom go maith an fhreagracht atá orm mar Chathaoirleach na heagraíochta seo.

Táim sásta mo chéad Ráiteas mar Chathaoirleach a chur ar áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain 2011.

### Ualach Oibre agus Feidhmíocht sa bhliain 2011

Tháinig laghdú eile sa bhliain 2011 ar líon na gcásanna nua, go háirithe i gcás achomharc pleanála, ón uimhir ab airde de 6,664 sa bhliain 2007 go 2,110 sa bhliain 2011. Ba é an toradh air sin gur laghdaigh líon iomlán na gcásanna de gach cineál a bhí idir lámha ag deireadh bliana go 750, i gcomparáid le 2,865 sa bhliain 2007.



2,865 in 2007. The clearance of the last remaining element of the backlog of cases from the years of peak intake enabled the compliance level with the statutory time objective of 18 weeks to rise to an overall 81% level for the year. A number of large infrastructure applications were also progressed during the year.

**The following gives an overview of the Board's workload and performance in 2011:**

Intake of new cases 2,110 - down 26% on 2010.  
Cases determined 2,326 - down 28% on 2010.

18 week statutory objective met in 81% of cases, compared to 63% in 2010.

**Other noteworthy features in 2011**

The rate of reversal of local planning authority decisions appealed showed a decrease- 31% in 2011 compared to 36% in 2010.

51% of planning appeals lodged with the Board came from third parties, a slight decrease on recent years.

Invalid appeals constituted 7.9% (8.2% in 2010) of all appeals determined, with invalid fee (3.4%), late appeals (1.9%) and third party appeals with no acknowledgement of participation at planning authority stage (1.3%) being the main reasons. Appeals/ Applications withdrawn as a percentage of the intake increased to 5.8% (3.8% in 2010).

There were 49 applications for leave to appeal by third parties. The Board granted leave to appeal in 10 cases.

Glanadh an chuid dheiridh de riaráiste na gcásanna ó na blianta ina mbíodh riar mór cásanna nua ann, rud a chumasaigh an cuspóir reachtúil 18 seachtaine a bheith comhlíonta i gcás 81% de chásanna sa bhliain iomlán. Rinneadh dul chun cinn i gcaitheamh na bliana maidir le roinnt iarratas i dtaca le mórbhonneagar.

**Gheofar sa mhéid seo a leanas foramharc ar ualach oibre agus ar fheidhmíocht an Bhoird sa bhliain 2011:**

2,110 cás nua - 26% de laghdú ar an mbliain 2010.

2,326 cás cinnte - 28% de laghdú ar an mbliain 2010.

An cuspóir reachtúil 18 seachtaine comhlíonta in 81% de chásanna, i gcomparáid le 63% sa bhliain 2010.

**Gnéithe suntasacha eile sa bhliain 2011**

Chonacthas laghdú ar an ráta aisiompaithe i gcás cinntí údaráis áitiúil - 31% sa bhliain 2011 i gcomparáid le 36% sa bhliain 2010

Ó thríú páirtithe a tháinig 51% de na hachomhairc phleanála a taisceadh leis an mBord, agus laghdú beag ab ea é sin ar na blianta deireanacha.

Achomhairc neamhbhailí ab ea 7.9% (8.2% sa bhliain 2010) de na cinntí ar fad a cinneadh, agus b'iad táille neamhbhailí (3.4%), achomharc déanach (1.9%) agus achomharc tríú páirtithe gan rannpháirtíocht ar chéim an údaráis phleanála a bheith aitheanta (1.3%) na príomhchúiseanna. Mhéadaigh líon na n-achomharc a aistarraingíodh mar chéatadán de chásanna nua go 5.8% (3.8% sa bhliain 2010). Rinneadh 49 iarratas ar chead achomhairc ag tríú páirtithe. Dheonaigh an Bord cead achomhairc i ndeich gcás.

## Strategic Infrastructure

Of the 10 formal decisions on non-local authority strategic infrastructure applications in 2011, 5 were made within the statutory objective period of 18 weeks. The scale and complexity of some of these projects coupled with the need to ensure meaningful public participation and, on occasion, the need to request and analyse further information meant that it was not possible to determine some of these cases within the 18 week period (cases concluded in 2011 included complex Gas and Rail cases e.g. Corrib Gas Field and Dart Underground). By end March 2012, one further decision had been made on a major proposed strategic infrastructure development.

Since the commencement of the Strategic Infrastructure Act in January, 2007 to end March 2012 the Board has entered into 220 pre-application consultations with prospective applicants, 193 of which have concluded –383 pre-application consultation meetings have been held in this period and a total of 52 formal applications have been received. In the same period the Board has also received a total of 114 local authority strategic infrastructure project applications, including major road projects.

Planning appeals can also involve proposed development which would be deemed major infrastructure and these appeals continue to be prioritised by the Board. In 2011 the Board received 96 and disposed of 106 such appeals, 54% of which were disposed of within 18 weeks.

In the present economic climate the Board is conscious of the need to process cases relating to major infrastructural projects and those with job creation potential in the shortest possible timeframe.

## Bonneagar Straitéiseach

De na 10 gcinneadh foirmiúil ar thionscadail bhonneagair straitéisigh, nár thionscadail de chuid údarás áitiúil iad, a rinneadh sa bhliain 2011, rinneadh cúig cinn díobh laistigh den tréimhse cuspóra reachtúla 18 seachtaine. Tionscadail mhóra chasta ab ea cuid de na tionscadail sin agus dá bhrí sin agus toisc a thábhachtaí a bhí sé rannpháirtíocht lánbhríoch phoiblí a chinntiú, agus breis eolais a iarraidh agus a anailísiú uaireanta, níorbh fhéidir cuid de na cásanna sin a chinneadh laistigh den tréimhse 18 seachtaine (ar na cásanna a tugadh chun críche sa bhliain 2011 bhí cásanna casta gáis agus iarnróid. m.sh. Gáscheantar na Coiribe agus Iarnród Faoi Thalamh an DART). Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2012, bhí cinneadh amháin eile déanta ar mhórfhorbairt bhonneagar straitéisigh bheartaithe.

Idir teacht i bhfeidhm an Achta um Bonneagar Straitéiseach in Eanáir 2007 agus deireadh mhí an Mhárta 2012 chuaigh an Bord i mbun comhairliúcháin réamhiarratais le 220 iarratasóir ionchasach, ar tugadh 193 díobh chun críche cheana féin - tionóladh 383 cruinniú comhairliúcháin réamhiarratais sa tréimhse seo agus fuarthas 52 iarratas foirmiúil san iomlán. Sa tréimhse chéanna fuair an Bord 114 iarratas ó údaráis áitiúla ar thionscadail i dtaca le bonneagar straitéiseach, lena n-áirítear mórtionscadail bóthair.

Is féidir le forbairt bheartaithe a d'aicmeofaí mar mhórbhonneagar a bheith ar áireamh in achomhairc phleanála chomh maith, agus tugann an Bord tús áite d'achomhairc mar sin i gcónaí, mar a tugadh riamh. Fuair an Bord 96 achomharc den sórt sin sa bhliain 2011 agus cuireadh 106 achomharc dá shórt de láimh; cuireadh 54% díobh de láimh laistigh de 18 seachtaine.

Agus cúrsaí geilleagracha faoi mar atá, tá an Bord meabhrach ar an ngá atá le cásanna a bhaineann le mórtionscadail bhonneagair agus tionscadail a d'fhéadfadh poist a chruthú a phróiseáil a luaithe is féidir.

## Current Trends and Outlook

The early months of 2012 have shown a low level of intake (an average of 165 per month) continuing the trend of the past few years. From 2008 onwards the lower level of intake allowed the backlog of cases which had grown in the Celtic Tiger years to be worked down to its lowest level in a decade. However, the Board has been operating with only four members since the end of 2011, pending new appointments, and there has been a consequent impact on the ability to determine a normal volume of cases. This on-going constraint has resulted in a significant backlog of cases building up at Board level and a consequential reduction in the compliance rate with the statutory time objective to determine cases – same was 36% for cases concluded in the month of March 2012 and stands at 52% for the first quarter of 2012.

While four new Board members are scheduled to commence in mid-May it is envisaged that there will be a transitional period before new members are fully established. On this basis it is anticipated that the output of decisions at Board level is likely to be restored to normal levels more towards the last quarter of 2012. Having regard to the number of on-hands cases already over the statutory objective time period (circa 350) current analysis suggests that the statutory time objective compliance level will decrease further in the short term. In this regard it is anticipated that the annual time objective compliance rate for 2012 will at best reach 50% of all cases determined within the year. The Board's view is that movement back towards the 80-90% compliance level is at this stage only a realistic target for 2013. This is reflected in the Board's Annual Plan for 2012.

## Treochtaí agus Dearcadh Reatha

B'íseal líon na gcásanna nua sna míonna tosaigh den bhliain 2012 (165 sa mhí ar an meán) mar ab amhlaidh sna blianta deireanacha. Ón mbliain 2008 ar aghaidh chiallaigh an laghdú ar chásanna gur éirigh linn an riaráiste cásanna ó bhlianta an Tíogair Cheiltigh a laghdú go dtí an leibhéal is ísle i ndeich mbliana. Ceathrar ball amháin atá ar an mBord ó dheireadh na bliana 2011, áfach, ar feitheamh ar cheapacháin nua, agus bhí tionchar aige sin ar chumas an Bhoird gnáthuimhir cásanna a chinneadh. De bharr an tsriain leanúnaigh sin d'fhás riaráiste suntasach cásanna ar leibhéal an Bhoird agus laghdaíodh dá réir sin an ráta géilliúlachta don chuspóir ama reachtúil chun cásanna a chinneadh – chomhlíon 36% de na cásanna a tugadh chun críche i mí an Mhárta 2012 an ráta sin agus seasann an ráta ag 52% i gcás an chéad ráithe den bhliain 2012.

Tá ceathrar ball nua le dul i mbun dualgas ar an mBord i lár na Bealtaine ach meastar go mbeidh idirthréimhse ann sula mbeidh na baill nua ag feidhmiú ar lánchumas. Dá réir sin meastar go mbeidh gnáthleibhéal cinntí an Bhoird i bhfeidhm arís faoin ráithe dheireanach den bhliain 2012. Ag féachaint do líon na gcásanna idir lámha a bhfuil an tréimhse ama reachtúil sáraithe acu cheana féin (350 nó mar sin) cuireann anailís i bhfios go dtitfidh an ráta géilliúlachta tuilleadh sa ghearrthéarma. Meastar go sroichfear an ráta géilliúlachta don chuspóir ama i gcás 50% de chásanna ar a mhéad sa bhliain 2012. Is é dearcadh an Bhoird nach mbainfear amach ráta géilliúlachta 80-90% arís go dtí an bhliain 2013. Léirítear é sin i bPlean Bliantúil an Bhoird don bhliain 2012.

It should also be noted that the Planning and Development (Amendment) Act 2010 provisions in respect of Appropriate Assessment under the Habitats Directive are already generating new casework in relation to local authority proposed development and Appropriate Assessment is also becoming a significant element for consideration in a greater number of appeal and strategic infrastructure development cases. Furthermore the 2010 Act provisions in relation to the new Substitute Consent process generally and specifically in respect of quarry developments are likely to generate a substantial additional caseload in the later part of 2012 and into 2013. In addition the Board is aware that additional new functions in respect of development control of proposed off-shore development (Foreshore cases) are likely to be assigned to the Board in the medium term.

### **Resources and Structures**

An Bord Pleanála, like all public sector bodies, is required to operate with a reduced budget for 2012. In this regard the Board's grant from central exchequer funds has been reduced by approximately 6% from that pertaining in 2011 to €12.897 million. Coupled with significant reductions in fee income and recovered costs income streams this cut requires the Board to continue to operate strict controls on expenditure and value for money in respect of all essential spending and to continue to focus on cost reduction in all areas. Costs throughout the organisation are scrutinised in detail and kept to the minimum level possible.

An Bord Pleanála, like other public sector bodies, is subject to an Employment Control Framework set by the Department of the Environment, Community and Local Government and the Department of Public Expenditure and Reform. In this regard the Board is required to reduce its

Ba cheart a nótáil chomh maith go bhfuil cásobair nua á giniúint ag forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 i dtaca le Measúnú Cuí faoin Treoir maidir le Gnáthóga i dtaca le forbairtí beartaithe ag údaráis áitiúla. Tá an Measúnú Cuí sin ag teacht chun bheith ina ábhar suntasach breithniúcháin i líon níos mó cásanna achomhairc agus forbairt bonneagair straitéisigh. Rud eile de, dealraíonn sé go nginfidh forálacha Acht na bliana 2010 i dtaca leis an bpróiseas nua Toilithe Ionaid i gcoitinne agus i dtaca le forbairtí cairéil go sonrach riar mór cásanna breise sa dara cuid den bhliain 2012 agus isteach sa bhliain 2013. Lena chois sin, tá an Bord feasach gur dócha go sannfar don Bhord sa mheántéarma feidhmeanna nua i dtaca le rialú forbartha i gcás forbairt bheartaithe amach ón gcósta (cásanna Urthrá).

### **Acmhainní agus Struchtúir**

Ceanglaítear ar an mBord Pleanála, mar a cheanglaítear ar gach comhlacht eile san earnáil phoiblí, a chuid dualgais a chur i gcrích sa bhliain 2012 le buiséad laghdaithe. Laghdaíodh deontas an Bhoird ón Státchiste de 6% nó mar sin ar dheontas na bliana 2011, go €12.897 milliún. I dteannta na laghduithe móra ar theacht isteach ó tháillí agus ó chostais aisghafa fágann an ciorrú seo nach mór don Bhord srianta diana a choimeád ar chaiteachas agus luach ar airgead a fháil i dtaca le gach caiteachas riachtanach agus leanúint de bheith ag díriú ar chostais a laghdú i ngach réimse. Scrúdaítear go géar gach costas a thabhaítear ar fud na heagraíochta agus coimeádtar iad a ísle is féidir.

Tá an Bord Pleanála, dála na gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí, faoi réir an Chreata Rialaithe Fostaíochta a shocraigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

current overall employee levels to a total of not more than 146 Board/staff members by end 2012 representing a 20% reduction in staffing on 2008 numbers. This will involve the Board participating in the central public sector staff redeployment programme as set out under the terms of the Public Sector Agreement 2011-2014.

These financial and staff constraints allied to the recent departures of a significant number of very experienced Board and staff members at a time when the Board is beginning to undertake the additional new functions under the 2010 Act pose challenges for An Bord Pleanála over the short to medium term. However, I am confident that the organisation will meet these challenges and will continue to maintain and indeed improve the level of expertise and service necessary to fulfil its overall remit in a manner consistent with the quality and efficiency expected of a national public sector body.

### **Public Confidence**

The Board's three core principles of independence, impartiality and openness are embedded in our Mission Statement and objectives and underpinned by legislation. We are always mindful that public confidence depends on the integrity and quality of our decision-making and the professionalism with which we carry out our functions. There is a statutory code of conduct for all Board members, staff and consultants, which places stringent obligations on members and employees of the Board to declare interests and conduct themselves generally in a way that reinforces public confidence. This code was formally reviewed and amended in 2011 in the light of experience and general government guidance. It is the Board's policy to adopt the most open approach possible in its relations with the public and we operate a completely open file system once cases are determined.

Tá ceangailte ar an mBord faoin gCreat sin a líon iomlán fostaithe a laghdú go líon nach mó ná 146 ball den Bhord/den fhoireann faoi dheireadh na bliana 2012. Laghdú arb ionann agus 20% ar an líon foirne sa bhliain 2008 a bheidh ansin. Chuige sin ní mór don Bhord bheith rannpháirteach i gclár lárnach ath-implonaithe foirne na hearnála poiblí faoi mar atá leagtha amach i gComhaontú na hEarnála Poiblí 2011-2014.

Dúshlán a bheidh ann don Bhord sa ghearrthearma agus sa mheántearma na srianta airgeadais agus foirne sin in éineacht leis an líon mór ball den Bhord agus den fhoireann, baill a raibh an-taithí acu, a d'fhág le deireanas, go háirithe agus an Bord ag glacadh le feidhmeanna nua faoi Acht na bliana 2010. Táim muiníneach, áfach, go mbeidh an eagraíocht in ann do na dúshláin sin agus go n-éireoidh linn an gnáthleibhéal saineolais agus seirbhíse agus fiú leibhéal níos airde saineolais agus seirbhíse a chur ar fáil, faoi mar is gá chun ár sainordú iomlán a chomhlíonadh ar shlí a bheidh i gcomhréir leis an gcaighdeán agus leis an éifeachtúlacht a mbeifí ag súil leo ó chomhlacht earnála poiblí.

### **Muinín an phobail**

Tá trí chroíphrionsabail an Bhoird, mar atá, neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus oscailteacht, neadaithe inár Ráiteas Misin agus inár gcuspóirí agus an reachtaíocht mar thaca leo. Is feasach dúinn i gcónaí go mbraitheann muinín an phobail ar iomláine agus ar chaighdeán chinnteoireacht an Bhoird agus ar a ghairmiúla a chuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích. Tá cód reachtúil iompair ann do bhaill an Bhoird, don fhoireann agus do chomhairleoirí an Bhoird ina leagtar oibleagáidí diana ar bhaill agus ar fhostaithe an Bhoird sainleasanna a nochtadh agus iad féin a iompar a shlí a threiseodh muinín an phobail. Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar an gcód seo sa bhliain 2011 agus leasaíodh é i bhfianaise taithí agus threoir ghinearálta an Rialtais.



As our decisions can relate to major developments, it is only natural that some of them give rise to public controversy. However, the Board considers it proper to maintain its long established practice of not engaging in discussion on individual cases because of the quasi-judicial nature of our functions and to avoid the risk of prejudicing future cases.

### **Improving the Organisation**

The Board is fully cognisant of the Public Service Reform Programme published last November and the other policies including the eGovernment strategy 2012-2015 and is continuing to organise its operations to align with the approaches set out in these central initiatives. Achievement of a higher overall level of compliance with the statutory objective time period of 18 weeks remains a top priority for the Board. In this regard the Board considers that progress in the on-going development of its Information and Communications Technology systems provides a significant opportunity to improve internal work processes and thus promote efficiencies which will greatly help the achievement of the objective whilst also improving public access to our services and information held by the Board in respect of current and decided cases. An ICT Feasibility Study and Needs Analysis is currently being conducted in the organisation by an external consultant and this will provide the Board with the basis for progressing significant further developments in this area. Significant investment in the Board's ICT capabilities is likely to be required to meet the eGovernment objectives and our stakeholder needs.

Is é beartas an Bhoird a chaidreamh leis an bpobal a bheith chomh hoscailte agus is féidir agus bíonn ár gcóras comhad ar oscailt go hiomlán don phobal ón uair a chinntear cás.

Toisc go mbaineann cuid dár gcinntí le mórfhorbairtí, ní nach ionadh go mbeadh conspóid i measc an phobail mar gheall ar chuid acu. Measann an Bord, áfach, gur cheart don Bhord cloí lena chleachtas seanbhunaithe gan cásanna aonair a phlé i ngeall ar nádúr garbhreithiúnach ár bhfeidhmeanna agus chun nach ndéanfaí dochar do chásanna sa todhchaí.

### **Feabhsú na hEagraíochta**

Tá an Bord go hiomlán ar an eolas mar gheall ar Chomhaontú Pá agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh mí na Samhna seo caite agus mar gheall ar na beartais eile lena n-áirítear straitéis ríomh-Rialtais 2012-2015 agus tá a oibríochtaí á eagrú aige, mar ab amhlaidh riamh, chun iad a bheith i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige atá leagtha amach sna tionscnaimh lárnacha sin. Tosaíocht ardleibhéil is ea é don Bhord leibhéal níos airde géilliúlachta a bhaint amach i gcás na tréimhse ama reachtúil 18 seachtaine. Chuige sin measann an Bord gur deis shuntasach a bheidh san fhorbairt leanúnach ar a chórais Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun próisis inmheánacha oibre a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí a chur ar aghaidh a chabhróidh linn go mór an cuspóir sin a bhaint amach agus a fheabhsóidh, leis, teacht an phobail ar sheirbhísí an Bhoird agus ar an eolas atá i seilbh an Bhoird i dtaobh cásanna reatha agus cásanna cinnte. Tá Staidéar Indéantachta agus Anailís ar Riachtanais TFC ar siúl san eagraíocht i láthair na huaire ag comhairleoir seachtrach agus soláthróidh sé sin bonn don Bhord chun forbairtí suntasacha sa réimse sin a chur i gcrích. Dealraíonn sé go mbeidh gá le hinfheistíocht shuntasach i gcumais TFC an Bhoird chun riachtanais ríomh-Rialtais agus riachtanais ár ngeallsealbhóirí araon a chomhlíonadh.

## **The Irish Language**

The Board welcomes the use of the Irish Language by those doing business with us and encourages and supports staff to become fluent in the language. A new Irish Language Scheme under Section 11 of the Official Languages Act 2003 was adopted by the Board in 2011 and the organisation is focussed on meeting the commitments contained in that scheme.

## **Complaints/Post Decision Correspondence**

As part of our increased focus on customer service, the Board operates a system of considering complaints/post decision correspondence received in relation to cases determined. 225 such items were received in 2011 and 222 responses issued in the year. There is a system of feedback at all levels within the organisation so that we can learn from issues raised and improve procedures where necessary.

## **Accounts**

Appendix 9 contains the Board's audited accounts for 2011.

Expenditure decreased from €21,439,852 in 2010 to €20,845,793 in 2011 (a decrease of 3%). 2011 expenditure represented a decrease of 21% over the peak expenditure level of €26,291,533 in 2008. In 2011, fee income together with costs recouped from local authorities on infrastructure projects was €3,441,232 which represented 16.5% of the total costs of the Board's operations (15.38% in 2010).

In 2011, income amounted to €21,239,979 leaving a surplus for the year of €394,186. There was an incoming deficit of €102,406 which left a cumulative surplus of €291,780.

## **An Ghaeilge**

Fearann an Bord fáilte roimh dhuine ar bith ar mian leo gnó a dhéanamh linn i nGaeilge agus cuirtear misniú agus tacaíocht ar fáil do bhaill foirne le go mbainfidh siad amach líofacht Ghaeilge. Sa bhliain 2011 ghlac an Bord Scéim Ghaeilge nua faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tá an eagraíocht ag díriú ar na gealltanais a rinneadh sa scéim sin a chomhlíonadh.

## **Gearáin/Comhfhreagras Iarchinnidh**

Cuid dár bhfócas méadaithe ar sheirbhís don chustaiméir is ea an córas atá ag an mBord chun breithniú a dhéanamh ar ghearáin/ar chomhfhreagras iarchinnidh a fhaightear i dtaca le cásanna cinnte. Fuarthas 225 mír den sórt sin sa bhliain 2011 agus tugadh freagra ar 222 díobh. Tá córas aiseolais i bhfeidhm ar gach leibhéal den eagraíocht ionas go bhfoghlaimeoidimid ó na saincheisteanna a tharraingítear anuas agus go gcuirfear feabhas ar nósanna imeachta más gá.

## **Cuntais**

Gheofar in Aguisín 9 cuntais iniúchta an Bhoird don bhliain 2011.

Laghdaigh an caiteachas de 3% ó €21,439,852 sa bhliain 2010 go €20,845,793 sa bhliain 2011. Bhí titim 21% i gceist sa bhliain 2011 ar chaiteachas an Bhoird i gcomparáid leis an mbuaic-caiteachas €26,291,533 a tharla i 2008. Ba é €3,441,232 an teacht isteach ó tháillí agus ó chostais a d'aisíoc údarais áitiúla ar thionscadail bhonneagair, rud ab ionann agus 16.5% de chostais iomlána oibríochtaí an Bhoird (15.38% sa bhliain 2010).

Fuarthas €21,239,979 de theacht isteach sa bhliain 2011, rud a d'fhág barrachas €394,186 don bhliain. Ba é €102,406 an t-easnamh tosaigh, rud a d'fhág €291,780 de bharrachas carnach.

## Thanks

I would like to pay tribute to the former Chairperson of the Board Mr. John O'Connor whose term of office ended in June, 2011 after eleven years service as Chairperson. Under his stewardship the Board undertook new functions in areas relating to assessment of local authority proposed development and compulsory acquisition and he also oversaw the implementation of the new Strategic Infrastructure Development process. In this regard he has made an enormous contribution to the management and work of the Board in general and I hope to build on his legacy. A number of other Board members also departed the organisation in 2011 thus marking it as a year of significant change at Board level. In this regard I would also like to acknowledge the significant contributions made to the organisation over a number of years by the former Deputy Chairperson Karl Kent and by former Board members Angela Tunney, Brian Swift and Jane Doyle.

Similar to other public sector bodies, 2011 and the early months of 2012 also saw the departure of a number of senior staff members and I wish to acknowledge the contributions of Mary Cunneen, David Dunne, Ruairi Somers and Danny O'Connor from our complement of Inspectorate personnel. Padraic Thornton who had served the Board in various capacities within the Board's Inspectorate also departed in early 2012 as outgoing Chief Officer and his overall dedication to the work of the organisation over a long number of years is acknowledged and appreciated.

## Focail Bhuíochais

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hiar-Chathaoirleach an Bhoird, an tUasal John O'Connor, ar éag a théarma oifige i Meitheamh 2011 tar éis aon bhliain déag seirbhíse mar Chathaoirleach. Ghlac an Bord feidhmeanna nua air féin faoina cheannas siúd i réimsí a bhain le measúnú ar fhorbairt bheartaithe rialtais áitiúil agus ceannach éigeantach agus mhaoirsigh sé cur chun feidhme an phróisis nua i dtaca le Forbairt Bonneagair Straitéisigh. Ba mhór a rannchuidiú le bainistíocht agus le hobair an Bhoird i gcoitinne agus tá súil agam go mbeidh ar mo chumas tógáil ar an oidhreacht sin. D'fhág roinnt ball eile den Bhord an eagraíocht sa bhliain 2011, rud a d'fhág go mba bhliain shuntasach í ó thaobh athruithe ar leibhéal an Bhoird. Ba mhaith liom, leis, aitheantas a thabhairt don rannchuidiú nach beag a thug an t-iar-Leaschathaoirleach Karl Kent agus iar-bhaill an Bhoird Angela Tunney, Brian Swift agus Jane Doyle leis na blianta.

Faoi mar a tharla i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí d'fhág roinnt ball sinsearach foirne sa bhliain 2011 agus go luath sa bhliain 2012. Is mian liom rannchuidiú, Mary Cunneen, David Dunne, Ruairí Somers agus Danny O'Connor a aithint. Baill den Chigireacht ab ea iad ar fad. Duine eile a d'fhág go luath sa bhliain 2012 ab ea Padraic Thornton a ghníomhaigh i gcáileanna éagsúla i gCigireacht an Bhoird agus is mór againn an díograis a léirigh sé le blianta fada d'obair na heagraíochta.



I wish to express the gratitude of the Board members and staff to all of the above for the great service they have given to the Irish planning system and to wish them well for the future.

I would also like to thank the Minister for the Environment, Community and Local Government Mr. Phil Hogan TD and the past and current Ministers for State with responsibility for Planning Mr. Willie Penrose TD and Ms. Jan O'Sullivan TD and officials from the Department of the Environment, Community and Local Government for their support for the Board. Thanks are also due to the various consultants who provide an invaluable service to the Board, to the management and officials of the planning authorities for their cooperation and to the Board's legal advisers.

Fionna O'Regan was appointed to the Board in February 2011 and Mary MacMahon and Conall Boland were both reappointed to the Board in late 2011, with Conall Boland subsequently being appointed as Deputy Chairperson. As noted earlier, four new Board Members were appointed in 2012 and will join the Board in May 2012, bringing the number of Ordinary Board Members to seven along with the Chairperson. I look forward to welcoming Nicholas Mulcahy, Gabriel Dennison, Michael Leahy and Paddy Keogh to the Board and to the contributions they will make to decision making at Board level over the next five years.

Is mian liom buíochas bhaill an Bhoird agus na foirne a chur in iúl do gach duine thuas as an tseirbhís den scoth a thug siad do chóras pleanála na hÉireann agus gach beannacht a ghuí orthu sa todhchaí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil, chomh maith, leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan T.D., agus leis an iar-Aire Stáit, Willie Penrose, T.D. agus an Aire Stáit reatha atá freagrach as cúrsaí pleanála, Jan O'Sullivan T.D., agus le hoifigigh na Roinne as an tacaíocht a thug siad don Bhord. Ní mór buíochas a ghabháil, chomh maith, leis na comhairleoirí éagsúla a sholáthraíonn seirbhís den scoth don Bhord, leis an lucht bainistíochta agus le hoifigigh na n-údarás pleanála as a gcomhoibriú agus le comhairleoirí dlí an Bhoird.

Ceapadh Fionna O'Regan ar an mBord i mFeabhra 2011 agus athcheapadh Mary MacMahon agus Conall Boland ar an mBord go déanach sa bhliain 2011. Ceapadh Conall Boland ina Leas-Chathaoirleach dá éis sin. Mar a dúradh thuas, ceapadh ceathrar ball nua ar an mBord sa bhliain 2012 agus tiocfaidh siad isteach sa Bhord i mBealtaine 2012, ionas go mbeidh seacht nGnáthbhall Boird ann mar aon leis an gCathaoirleach. Táim ag tnúth le fáilte a fhearadh roimh Nicholas Mulcahy, Gabriel Dennison, Michael Leahy agus Paddy Keogh go dtí an Bord agus leis an rannchuidiú a thabharfaidh siad do chinnteoireacht an Bhoird sna cúig bliana romhainn.

I would like to conclude by saying that I take on the position of Chairperson of An Bord Pleanála at a time of change and of challenge – a new Board, the loss of senior staff, an economy trying to recover from serious economic difficulties and a public sector seeking to achieve radical reform. I look forward to working with that new Board, with the staff of An Bord Pleanála and with our many stakeholders, including the Minister for the Environment, Community and Local Government, in meeting those challenges, achieving the objectives set out for us and contributing to a sustainable economic recovery in an independent, fair, open and efficient manner.

Mary Kelly

Dr. Mary Kelly  
Chairperson

Mar fhocal scoir ba mhaith liom a rá go bhfuilim ag glacadh le post Chathaoirleach an Bhoird Phleanála tráth athruithe agus dúshlán – Bord nua, foireann shinsearach a bheith imithe ar scor, geilleagar atá ag iarraidh téarnamh ó mhórdheacrachtaí geilleagracha agus earnáil phoiblí atá ag iarraidh athchóiriú radacach a bhaint amach. Táim ag tnúth le dul i mbun oibre leis an mBord, le foireann an Bhoird Phleanála agus lenár mórchuid geallsealbhóirí, lena n-áirítear an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, chun freastal do na dúshláin sin, na cuspóirí atá socraithe dúinn a bhaint amach agus ran-nchuidiú chun téarnamh eacnamaíochta inbhuanaithe a bhaint amach ar shlí a bheith ne-amhspleách, cothrom, oscailte agus éifeachtúil.

Mary Kelly

An Dr. Máire Ní Cheallaigh  
Cathaoirleach

## ALL CASES


## GACH CÁS



Figures 1 to 5 contain key performance indicators in relation to all casework received and disposed of by the Board in 2011. A breakdown of casework by reference to normal planning appeals, local authority projects and other cases is provided in Figures 6 to 13.

I bhFíoracha 1 go 5 gheofar na príomhtháscairí feidhmíochta maidir le gach cásobair dá bhfuarthas agus dár chuir an Bord de láimh i 2011. Cuirtear miondealú den chásobair ar fail i bhFíoracha 6 go 13, le tagairt do ghnáthachomhairc phleanála, do thionscadail údaráis áitiúil agus do chásanna eile.

**FIGURE 1 Trend in intake, disposal and cases on hands 2002 to 2011**

**FIGIÚR 1 Claonadh i gcásanna a fuarthas, a cuireadh de láimh agus a bhí idir lámha 2002 go dtí 2011**





| FIGURE 2<br>Summary of all Cases              |                                                         | FIGIÚR 2<br>Achoimre Gach Cás |                  |                                            |
|-----------------------------------------------|---------------------------------------------------------|-------------------------------|------------------|--------------------------------------------|
|                                               |                                                         | 2011                          | 2010             | Méadú/(laghdú)<br>%Increase/<br>(decrease) |
| On hands at start                             | Idir lámha ag an tús                                    | 935 <sup>1</sup>              | 1,332            | (30%)                                      |
| Received                                      | Faighte                                                 | 2,110                         | 2,850            | (26%)                                      |
| Disposed of                                   | Curtha de láimh                                         | 2,326                         | 3,248            | (28%)                                      |
| On hands at end                               | Idir lámha ag an deireadh                               | 719                           | 935              | (23%)                                      |
| Disposed of within statutory objective period | Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil | 81% <sup>2</sup>              | 63% <sup>1</sup> | -                                          |
| Average time taken (weeks)                    | Meán ama a tógadh                                       | 18 <sup>2</sup>               | 19               | (5%)                                       |

1 - 2010 figure adjusted

2 - This figure excludes pre-application consultation cases

### Statutory objective periods for determining cases

Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of the Board a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time.

In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no statutory objective time period applies. It is a strategic objective of the Board to determine 90% of all cases which come before it within eighteen weeks/four months regardless of whether or not a statutory objective period applies.

1- Figiúr na bliana 2010 agus é coigeartaithe

2- Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin réamhiarratais

### Spriothréimhsí reachtúla le cásanna a chinneadh

Faoi fhorálacha sna hAchtanna agus sna Rialacháin um Pleanáil, um Rialú Foirgnóchta agus um Thruailliú Uisce a rinneadh faoi na hAchtanna seo leagtar síos mar chuspóir de chuid an Bhoird riachtanas chun a chinntiú go dtabharfar cinneadh ar achomhairc agus ar ábhair áirithe eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama.


I bhformhór na gcásanna, 18 seachtaine atá i gceist; ceithre mhí atá i gceist i gcásanna áirithe agus i gcásanna eile fós níl aon spriothréimhse reachtúil i bhfeidhm. Cuspóir straitéiseach de chuid an Bhoird is ea é 90% de na cásanna ar fad a thagann os a chomhair a chinneadh laistigh de ocht seachtaine déag/de cheithre mhí beag beann ar cibé an bhfuil spriothréimhse reachtúil i bhfeidhm nó nach bhfuil.

**FIGURE 3**

Percentage of cases determined within statutory objective period 2002 to 2011

**FIGIÚR 3**

Céatadán de chásanna a chinntíodh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil 2002 go dtí 2011



During 2011, the Board complied with the statutory requirement that notice in writing be served on the parties to a case where it would not be possible or appropriate to determine the case within the statutory objective period. Figure 4 gives details of the number of weeks it took to decide cases from 2002 to 2011.

